



## Preasráiteas

Lucsamburg, 30 Bealtaine 2022

# Ráiteas iomarcach déanta i leith an rannchuidithe ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh

Níor éirigh leis an Aontas a sprioc féin-fhorchurtha a bhaint amach maidir le 20 % ar a laghad dá bhuiséad 2014-2020 a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide, de réir tuarascála speisialta a foilsíodh inniu ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). D'fhógair an Coimisiún Eorpach gur bhain an tAontas an sprioc 20 % amach, á tuairisciú gur chaith sé €216 billiún ar ghníomhú ar son na haeráide. Mar sin féin, fuair na hiniúchóirí amach nach raibh an tuairisciú ábhartha le gníomhú ar son na haeráide i gcónaí, agus go raibh ráiteas iomarcach de bheagnach €72 billiún déanta faoin méid a tuairiscíodh mar chaiteachas chun na críche sin. Tá faitíos ar na hiniúchóirí freisin go bhféadfadh saincheisteanna ar iontaofacht a bheith fós ann i dtuairisciú an Choimisiúin don tréimhse 2021-2027, nuair a bheidh méadú 30 % ar sprioc caiteachais aeráide nua ón Aontas.

*“Is príomhthosaíocht don Aontas aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, a bhfuil cuspóirí dúshlánacha aeráide agus fuinnimh leagtha síos aige”, a dúirt Joëlle Elvinger, Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Fuaireamar amach nach raibh an caiteachas ar fad a tuairiscíodh agus a bhaineann leis an aeráid faoi bhuiséad an Aontais ábhartha go hiarbhir do ghníomhú ar son na haeráide. Is é sin an fáth go ndéanann muid roinnt moltaí chun caiteachas an Aontais a nascadh níos fearr lena chuspóirí aeráide agus fuinnimh. Mar shampla, molann muid gur cheart don Choimisiún bonn cirt a thabhairt d’ábharthacht aeráide an chistithe talmhaíochta.”*

Is iad talmhaíocht, bonneagar agus comhtháthú na príomhréimsí de chlár chaiteachais poiblí an Aontais a tuairiscítear mar réimsí a bhaineann leis an aeráid. Tá comhéifeachtaí á shannadh ag an gCoimisiún do comhchodanna éagsúla den chlár de réir a mhéid a mheastar a rannchuideoidh siad le gníomhú ar son na haeráide. Bhí an-chuid fadhbanna ag baint leis an tuairisciú ar chaiteachas aeráide, a deir na hiniúchóirí, rud a fhágann nach féidir brath air go ginearálta. Tá an modh rianaithe reatha bunaithe ar thoimhdí, sin le rá nach ndéanann sé measúnú ar an rannchuidiú críochnaitheach a dhéantar le spriocanna aeráide AE a bhaint amach, ná nach bhfuil aon chóras i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí aeráide. Ní bhíonn comhéifeachtaí réalaíoch i gcónaí: i roinnt cásanna, meastar go bhfuil baint ag caiteachas leis an aeráid, cé nach bhfuil tionchar acu ar na tionscadail agus na scéimeanna a thacaíonn sí leo, nó gur beag an tionchar sin orthu (mar shampla, bonneagar i gceantair thuaithe). I gcásanna eile, ní

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)

áirítear éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann (mar shampla, tionchar diúltach na n-astaíochtaí carbóin).

Is i gcistiú talmhaíochta a dhéantar an ráiteas iomarcach is mó, sin le rá €60 billiún de réir na n-íniúcháirí. Thuairiscigh an Coimisiún gur bhain 26% den chistiú talmhaíochta AE leis an aeráid, thart ar leath de chaiteachas aeráide iomlán an Aontais. Níor tháinig aon laghdú, áfach, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fheirmeacha san Aontas ó 2010. Ar an gcaoi chéanna, measann na hiniúcháirí go ndearna an Coimisiún rómheastachán ar an rannchuidiú aeráide a bhí i gceist le fo-earnálacha lárnacha den mhaoiniú bonneagair agus comhtháthaithe amhail iompar iarnróid, leictreachas agus bithmhais.

Trí chomhéifeachtaí níos réasúnta a chur i bhfeidhm, ríomhann na hiniúcháirí go bhfuil sé níos dóchúlú go bhfuil sciar an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid faoi bhuiséad an Aontais thart ar 13 % (isteach agus amach le €144 billiún) ná an sciar 20 % a tuairiscíodh. Tugann siad rabhadh freisin faoin riosca nach bhféadfaidh méideanna atá pleanáilte nó geallta a chaitheamh, rud a d'fhágfadh an caiteachas aeráide a tuairiscíodh níos airde go deimhin ná an méid iarbhír.

Rinne na hiniúcháirí athbhreithniú freisin ar athraithe a bhfuiltear ag súil leo i gcaiteachas aeráide a rianú i ndiaidh 2020, chun cuidiú leis an gCoimisiún tuairisciú ar chaiteachas aeráide amach anseo a fheabhsú.

Tá ábhair inmí á gcur in iúl ag na hiniúcháirí faoi iontaofacht an tuairiscithe aeráide do thréimhse 2021-2027. In ainneoin na bhfeabhsúchán molta i modheolaíochtaí tuairiscithe, tá an chuid is mó de na saincheistanna a sainaithníodh do thréimhse 2014-2020 fós ann. San ionstraim chistiúcháin *NextGenerationEU* (NGEU) a tugadh isteach in 2020, tá príomhphrionsabal ann ar a dtugtar “ná déan dochar suntasach”, rud a chiallaíonn nár cheart do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith ina mbagairt ar chuspóirí comhshaoil nó aeráide. Fuair na hiniúcháirí amach, áfach, go bhfuil dúshláin bhreise ag baint le NGEU mar gheall ar na naisc dhoiléire atá idir íocaíochtaí agus cuspóirí aeráide.

### Faisnéis chúlra

Tá tuarascáil speisialta 09/2022, “*Níl an caiteachas aeráide i mbuiséad AE 2014-2020 chomh hard agus a tuairiscíodh*”, ar fáil ag [suíomh gréasáin na Cúirte](#). Tógann an t-íniúchadh ar obair na Cúirte sa réimse roimhe seo, mar shampla [tuarascáil speisialta 17/2013](#), [tuarascáil speisialta 31/2016](#), agus [athbhreithniú 01/2020](#). I dtuarascáil speisialta 22/2021, tarraingíodh aird ar an mbaol a bhí ann nach mbeadh caiteachas aeráide ón Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) ag comhlíonadh chaighdeáin thacsanomaíocht AE.

### Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 621 552 224